OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Polasaithe agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures**

| | |
|---|---|
| **Cód** | QA073 |
| **Teideal** | Creat Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (Feidhmíocht Fhorásach) |
| **Úinéir an Pholasaí** | An Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Dáta** | 28 Meitheamh 2023 |
| **Ceadaithe ag** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile & Údarás na hOllscoile |

**Clár na nÁbhar**


1. Ráiteas Creata
2. Cuspóir
3. Raon Feidhme agus Prionsabail
4. Sainmhínithe
5. Prionsabail
6. Freagrachtaí
    6.1 Freagrachtaí an Athbhreithneora
    6.2 Freagrachtaí an Athbhreithní
7. Athbhreithniú ar an gCreat
8. Nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm

1. **Ráiteas Creata**

Is iad na daoine an acmhainn is mó atá againn in Ollscoil na Gaillimhe, tacaíonn siad le hobair na hOllscoile chun a chinntiú go mbainfimid ár spriocanna amach. Tá sé tábhachtach don Ollscoil, mar sin, tacú lenár ndaoine chun go dtiocfaidh rath agus forás orthu, chun tacú lena bhforbairt ionas go mbeidh siad in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach, rud a thacóidh leis an Ollscoil ina príomhthosaíochtaí agus spriocanna a bhaint amach. Is éard atá i gceist le Bainistíocht Feidhmíochta ná cultúr a chruthú a spreagann feabhsú leanúnach ar scileanna, iompar agus rannchuidiú ár bhfoirne, rud a thacaíonn leis an Ollscoil dá réir.
Is é Creat Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na hOllscoile, ar a dtabharfar Feidhmíocht Fhorásach feasta, an uirlis a thacóidh leis an bhfoireann agus leis na bainisteoirí riachtanais a róil a thuiscint agus an fhoireann a chumasú le hoibriú i dtreo cuspóirí oibriúcháin a bhaint amach a thacaíonn le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile. Is é an aidhm atá againn ná tacú leis an gcomhalta foirne a bheith rathúil agus forásach ina ról. Déanfar é seo tríd an bpróiseas tosaigh maidir le spriocanna/cuspóirí a leagan síos agus ansin déanfar é a athbhreithniú i lár na bliana agus trí athbhreithniú dheireadh na bliana, agus ag an tráth sin déanfar spriocanna agus cuspóirí na bliana dár gcionn a leagan síos.

2. **Cuspóir**

Díríonn bainistíocht feidhmíochta ar ról agus ar éifeachtacht na mbainisteoirí agus na gcomhaltaí foirne, iad ag leagan síos spriocanna le chéile agus ansin ag athbhreithniú agus ag neartú fheidhmíocht na foirne i gcoinne na spriocanna sin. Déanfar an t-eolas seo a chur ar an taifead go foirmiúil trí Fheidhmíocht Fhorásach. Tá Ollscoil na Gaillimhe ag iarraidh a chinntiú go mbeidh an deis ag gach comhalta foirne cur lena n-aonad/scoil féin, agus le straitéis agus fís na hOllscoile chun barr a gcumais a bhaint amach. Tá Feidhmíocht Fhorásach ar cheann de na príomh-mheicníochtaí trína mbainfimid amach le chéile Straitéis Ollscoil na Gaillimhe "Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna".

3. **Raon Feidhme & Prionsabail**

Baineann Feidhmíocht Fhorásach le gach comhalta foirne in Ollscoil na Gaillimhe, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha. Feidhmíonn an Creat seo taobh le polasaithe agus nósanna imeachta uile na hOllscoile.

4. **Sainmhínithe**

Athbhreithní: Beidh gach duine atá ag obair in Ollscoil na Gaillimhe atá taobh istigh de scóip an chreata ina Athbhreithní.
Athbhreithneoir: Is gnách gurb é Bainisteoir Líne díreach an duine an tAthbhreithneoir a bheas aige/aici.
Aonad (Eagraíochtúil): Aon Choláiste, Scoil, Institiúid, Aonad Seirbhísí Gairmiúla etc. de chuid na hOllscoile a bhfuil an tAthbhreithní ina b(h)all de.
Cuspóirí: Cur síos ar an méid a comhaontaíodh idir an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní, a thagann le Straitéis Ollscoil na Gaillimhe agus le pleananna ábhartha an Aonaid Eagraíochtúil atá beartaithe ag an Athbhreithní a chur i gcrích sa bhliain atá romhainn.
Plean Forbartha: Sraith de ghníomhaíochtaí forbartha a chabhróidh leis an bhfoireann scileanna, inniúlachtaí nó iompraíochtaí ar leith a thacaíonn le feidhmíocht sa ról reatha a fheabhsú, chomh maith le cuimhneamh ar phleanáil gairme amach anseo. Comhaontaítear iad seo idir an tAthbhreithneoir agus an tAthbhreithní tar éis comhrá forbraíochta.

5. **Prionsabail**

Tugtar tacaíocht d'Fheidhmíocht Fhorásach trí thiomantas na hOllscoile a chinntiú go mbíonn an deis ag na comhaltaí foirne ar fad:

i. Tuiscint shoiléir a bheith acu ar a bhfuiltear ag súil uathu ina ról, ó thaobh an méid a dhéanfaidh siad agus an chaoi a ndéanfaidh siad a gcuid oibre, ag teacht le straitéis Ollscoil na Gaillimhe; (i.e., sonraíochtaí poist a chur san áireamh, nó róil agus freagrachtaí nuashonraithe.)
ii. A thuiscint conas a chuireann a ról le rath na Scoile/an Aonaid agus na hOllscoile ina hiomláine;
iii. Machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre agus ar aon dúshláin atá rompu, agus aiseolas agus treoir a fháil ar a gcuid oibre ar bhealach tacúil agus cuiditheach;
iv. Plé a dhéanamh agus tacaíocht a fháil dá gcuid riachtanas forbartha ina ról reatha agus dá n-ardmhianta gairme;
v. Cur le cultúr cuimsitheach san ionad oibre ina gcuirtear luach ar éagsúlacht agus ar chomhionannas.
vi. Machnamh agus infheistíocht a dhéanamh ina bhfolláine féin san Ollscoil.

Tugann Feidhmíocht Fhorásach deis d'fhoireann uile Ollscoil na Gaillimhe, in éineacht lena mbainisteoirí líne, a gcuspóirí/spriocanna don bhliain (nó don tréimhse shainithe) a leagan síos, agus ina dhiaidh sin an deis athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na spriocanna/cuspóirí sin.
Is príomhghníomhaíocht í Feidhmíocht Fhorásach chun cabhrú le gach comhalta foirne de chuid na hOllscoile cur go mór le misean agus fís Ollscoil na Gaillimhe agus le barr a gcumais a bhaint amach. Tá sí bunaithe ar straitéis na hOllscoile agus tacaíonn sí léi.

## 6. Freagrachtaí

### 6.1 Freagrachtaí an Athbhreithneora

Is é ról an Athbhreithneora comhthéacs a thabhairt don Athbhreithní ar an ngaol atá ag a ról agus a rannchuidiú le straitéis agus spriocanna na Scoile/an Aonaid agus aiseolas a thabhairt le haghaidh scileanna agus forbairt phearsanta agus cuidiú le spriocanna a leagan síos. Tá sé/sí freagrach freisin as bualadh leis an Athbhreithní agus as éisteacht go gníomhach leis/léi agus a (h)ionchur ina ról a chur san áireamh. Agus é sin á dhéanamh aige/aici, caithfidh sé/sí a chinntiú go bhfuil torthaí an phróisis dearfach maidir le feidhmíocht an Athbhreithní agus Ollscoil na Gaillimhe araon. Tá an tAthbhreithneoir freagrach as an oiliúint a chuirtear ar fáil a chur i gcrích sula dtugann sé/sí faoin athbhreithniú.

### 6.2 Freagrachtaí an Athbhreithní

Is é ról an Athbhreithní machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann sé/sí le hOllscoil na Gaillimhe agus le Fo-Aona(i)d ábhartha na hOllscoile agus machnamh a dhéanamh ar a c(h)ion don bhliain/do na blianta atá le teacht. Ní mór dó/di dul i ngleic go dearfach lena (h)Athbhreithneoir chun soiléiriú a fháil ar a ról agus a c(h)ion, aiseolas a fháil ar a f(h)eidhmíocht agus an t-aiseolas sin a ghlacadh san áireamh, agus tacaíocht agus léargas a sholáthar dá f(h)orbairt agus dá roghanna gairme.

## 7. Athbhreithniú ar an gCreat

Déanfar athbhreithniú ar an gcreat tar éis dhá bhliain chun a fheidhmiú a mheasúnú agus chun aghaidh a thabhairt ar aon athruithe a theastaíonn chun tacú lena oibríochtú agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don fhoireann agus do bhainisteoirí ina chur chun feidhme.

## 8. Nós imeachta chun an Polasaí a chur i bhfeidhm

Tá an Nós Imeachta atá le leanúint chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm leagtha amach i gcáipéis ar leith.